

AG BOGADH AR AGHAIDH. LE CHÉILE.

Forógra Olltoghcháin Fhianna Fáil 2024



AG BOGADH AR AGHAIDH. LE CHÉILE.

Réamhrá

Le ceithre bliana go leith anuas, ba mhór an onóir dom a bheith i gceannas ar ár dtír mar Thaoiseach agus mar Thánaiste. D'oibrigh mé féin agus páirtí Fhianna Fáil trí chéile gach lá chun cuid de na dúshlán is mó i stair na tíre seo a shárú.

D'oibríomar chun ár dtír a stiúradh trí phaindéim uafásach, chun cúlú eacnamaíochta a shárú go tapa agus chun dul i ngleic le tionchar an chogaidh agus an chíor thuathail san Eoraip.

Ní chuirfimid in iúl go deo gur éirigh linn gach rud a dhéanamh mar ba cheart, ach rinne muid dul chun cinn ceart don tír seo. Is é fírinne an scéil go bhfuil os cionn leathmhilliún duine níos mó ag obair anois ná mar a bhí ceithre bliana go leith ó shin. Tá an t-airgeadas poiblí láidir, tá seirbhísí poiblí leathnaithe, agus tá infheistíochtaí móra ar siúl. D'fhonn seirbhísí agus infheistíochtaí a dhaingniú amach anseo, tá na cistí cúltaca is mó riamh cruthaithe againn freisin.

Is teist é seo ar ghaisce ceart, ach tá a fhios againn go gcaithfimid níos mó a dhéanamh.

Is é sin an fáth go bhfuil plean gníomhaíochta uailmhianach cuimsitheach á leagan amach againn do na cúig bliana amach romhainn. Tugtar aghaidh ann ar gach mór-réimse den bheartas poiblí ach leagtar amach ann gníomhaíochtaí tosaíochta soiléire i roinnt réimsí lena n-áirítear:

- Cuidiú le teaghlaigh agus le gnólachtaí déileáil le praghsanna arda.
- Clár mór infheistíochta agus athchóirithe sna seirbhísí sláinte.
- Tógáil tí agus tacaíocht do cheannaitheoirí céaduaire agus do chíosóirí céaduaire a leathnú tuilleadh.
- Tacaíocht do phobail shábháilte, ghlana agus rathúla.
- Geilleagar na hÉireann agus a guth san Eoraip agus sa domhan mór a chosaint.
- Infheistíocht i scoileanna agus i ngach leibhéal oideachais.

Ag an tráth fíordhúshlánach seo san Eoraip agus sa domhan mór, ní mór d'Éirinn a bheith soiléir ina cuid luachanna agus ina treo. Ní mór dúinn seasamh le tíortha daonlathacha eile agus bogadh go treallúsach chun ár leasanna agus ár rath amach anseo a chosaint.

Is é atá sa cháipéis seo an treoirphlean maidir leis an dóigh a gcosnóidh Fianna Fáil sa Rialtas an dul chun cinn ar luachmhar linn ar fad é agus an dóigh a ndéanfaimid beart leanúnach ar na saincheisteanna is tábhachtaí d'Éirinn amach anseo.

Is é seo an plean atá againn chun Éire a **bhogadh ar aghaidh, le chéile.**

Micheál Martin T.D.

Achoimre

Leagtar amach san fhorógra seo moltaí ar mian le Fianna Fáil iad a chur i bhfeidhm as seo go ceann cúig bliana. Cé go dtugtar aghaidh ann ar fhorhmór na bpríomhréimsí beartais phoiblí, cuirtear an bhéim ar shé réimse tosaíochta:

Costas Maireachtála

Cabhróimid le teaghlaigh agus le gnólachtaí déileáil le praghsanna arda trí:

- Praghsanna fuinnimh níos ísle á mbaint amach trí infheistíocht luathaithe i bhfuinneamh in-athnuaite ar chostas íseal agus dáileadh níos saoire chomh maith le hathchóiriú ar an dóigh a socraítear praghsanna fuinnimh.
- Ioncaim teaghlaigh a chosaint trína chinntiú go méadaíonn athruithe cánach agus sochar cosanta sóisialta ag íosphearsanna atá ag ardú.
- An pinsean Stáit a mhéadú go €350 sa tseachtain ar a laghad chun caighdeán maireachtála níos fearr a chinntiú in aois níos sine.
- Infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail atá ríthábhachtach chun na costais a bhaineann le formhór na n-earraí a fháil isteach i siopaí a laghdú.
- Táillí as rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí a ísliú.
- Dul i ngleic le costais árachais trí athchóiriú agus iomaíocht chóir a chinntiú i ngach earnáil.
- Leanúint de chostas na seirbhísí poiblí a laghdú.
- Táillí cúram leanaí a laghdú go dtí €200 sa mhí.

Sláinte

Cuirfidimid clár infheistíochta agus athchóirithe ar fáil sna seirbhísí sláinte - ag gearradh amanna feithimh d'othair. Déanfaimid é seo trí:

- Leathnú suntasach eile ar leapacha ospidéal, comhairleoirí agus dochtúirí teaghlaigh sa phobal.
- Clinicí nua d'Othair Sheachtracha Mear-Rochtana a bhunú chun cóir leighis a chur ar othair, in ionad iad a bheith ag freastal ar Ranna Éigeandála.
- Rochtain ar dhiagnóisic ríthábhachtach a leathnú.
- Athchóirithe chun a chinntiú go mbeidh leibhéal agus cáilíocht an chúraim i ngach cuid den chóras sláinte trédhearcach agus ar fáil lena scrúdú ag an bpobal.
- Táillí sláinte a laghdú tuilleadh agus cártaí dochtúra teaghlaigh saor in aisce a shíneadh chuig gach duine faoi bhun 12 bhliain d'aois.
- Sainseirbhísí cúraim nua a fhorbairt go háirithe do chúram ailse agus do shláinte na mban.

Tithíocht

Cuirfimid dlús leis an móiminteam i bhfoirgneamh tí agus cabhróimid go díreach leo siúd ar mian leo teach a cheannach nó a fháil ar cíós trí:

- An ráta tógála tí a leathnú go 60,000 teach in aghaidh na bliana in 2030 agus ina dhiaidh sin.
- Deireadh a chur le moilleanna móra trínár reachtaíocht phleanála a chur i bhfeidhm.
- Dlús a chur leis an tógáil trí infheistíocht in uisce, bóithre agus bonneagar riachtanach eile.
- An costas a laghdú agus dlús a chur le seachadadh tógála tí trí infheistíocht a dhéanamh i modhanna nua tógála.
- Tús áite a thabhairt do cheannaitheoirí céaduaire agus do thithíocht inacmhainne le tacaíochtaí díreacha.
- Leanúint leis an gclár nua-aimseartha is mó d'fhoirgneamh tithe sóisialta.
- Tacaíocht dhíreach a mhéadú do chíosóirí agus do shlándáil níos fearr san earnáil cíosa.

Pobail

Tacóimid le pobail shábháilte, ghлана agus rathúla trí:

- Méadú breise a dhéanamh ar líon na nGardaí, tús áite a thabhairt do phóilíneacht i lár an phobail agus lár an bhaile.
- Aonad nua póilíní iompair a thabhairt isteach chun díriú ar dhul i ngleic le hiompar frithshóisialta.
- Athchóiriú radacach ar ranna rialtais chun a chinntiú go ndéanfar níos mó ar fhadhbanna práinneacha agus ar bhainistiú níos éifeachtaí ar bhrúnna imirce.
- Roinn Gnóthaí Baile ar leith cosúil leis an gcuid is mó de thíortha na hEorpa, le bheith ar thús cadhnaíochta maidir le saincheistanna slándála náisiúnta, imirce agus príomhréimsí eile.
- Maoiniú chun lár bailte agus cathrach a ghlanadh.
- Réimse clár nua a thabhairt isteach atá dírithe ar fhorbairt uirbeach agus tuaithe ar leibhéal an phobail.
- Tionscnamh Pobail Tuaithe chun gach gníomhaireacht stáit a thabhairt le chéile chun forbairt pobail, athnuachan lár an bhaile agus clár tacaíochta scoileanna beaga a chur i bhfeidhm a rachaidh chun tairbhe 1,300 scoil.
- Tionscnamh Pobail Uirbeach, dírithe ar lár na cathrach agus ar na ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste, a thabharfadh le chéile gach gníomhaireacht stáit chun pleanáil forbartha pobail, scéimeanna don óige faoi mhíbhuntáiste agus cláir oideachais leathnaithe a chur i bhfeidhm.

Geilleagar

Geilleagar na hÉireann a chosaint agus a fhorbairt agus a guth i ngnóthaí idirnáisiúnta a dhaingniú trí:

- Beartas fioscach a leathnaíonn infheistíochtaí agus seirbhísí, agus leibhéal an fhiachais á laghdú ag an am céanna.
- Éire a chosaint i gcás cor chun donais eacnamaíoch trí mhaoiniú teagmhasach suntasach a bheith mar chuid dár bpleananna agus maoiniú infheistíochtaí tábhachtacha a ráthú trí chistí cúltaca móra.
- Beartas cánach atá ar son an fhiontair a chur i bhfeidhm, ag tacú le hinfeistíochtaí fadtéarmacha i bpoist ardcháilíochta.
- Tacú le trádáil idirnáisiúnta, costais easpórtála a laghdú agus rochtain ar mhargaí idirnáisiúnta a chinntiú do ghnólachtaí Éireannacha.
- Infheistiú i dtaighde chun táirgí, seirbhísí agus poist a chruthú chun dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta.
- A éileamh go nglacfaidh Éire le cur chuige dearfach i leith an Aontais Eorpaigh agus go dtacófar le bearta lena chumas a leasú agus a neartú chun margadh aonair agus geilleagar na hEorpa a fhorbairt.
- Seasamh le tíortha daonlathacha eile agus tacú le bunphrionsabail an daonlathais agus chearta an duine.

Oideachas

Clár infheistíochta agus athchóirithe san oideachas a chur i bhfeidhm trí:

- Méideanna na ranganna scoile a laghdú.
- Tuilleadh athchóirithe a dhéanamh ar churaclam na scoile chun dúshlán nua-aimseartha a chur san áireamh.
- Réimse teiripí a mhaoiniú do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu le soláthar i scoileanna.
- Tionscnamh DEIS Plus a dhíríonn ar chúnaimh agus tacaíocht bhreise do scoileanna a fhreastalaíonn ar phobail a bhfuil an dlús is airde míbhuntáiste acu.
- Tionscnamh Náisiúnta um Scoileanna Beaga dírithe ar dheiseanna oideachais a leathnú i ngach pobal.
- Scoileanna sábháilte agus tacúla a chur chun cinn trí dhul i ngleic le bulaíocht agus úsáid fón cliste.
- Tacaíocht do phrintíseachtaí a leathnú tríd an tír.
- Maoiniú ardoideachais a fheabhsú agus cóiríocht do mhic léinn a mhéadú go suntasach agus cíosanna a theorannú ag an am céanna.
- Barr feabhais sa taighde agus sa nuálaíocht a chur chun cinn trí mhaoiniú agus leathnú méadaithe ar chomhpháirtíochtaí uile-Oileáin agus ae.

I réimsí áirithe, déanfar tuilleadh tionscnamh aonair a mhionsonrú le linn an fheachtais, cé go mbeidh siad sna paraiméadair fhioscacha atá leagtha amach sa doiciméad seo.

MOVING FORWARD. TOGETHER.
AG BOGADH AR AGHAIDH. LE CHÉILE.

Head Office 65-66 Lower Mount Street,
Dublin 2, D02 NX40

Tel: 01 664 9209

Email: info@fiannafail.ie

www.fiannafail.ie

